Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm Cuntas Leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh lena n-áirítear seirbhísí faoi leith atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn agus íocaíochtaí deontas agus deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm i Roinn an Taoisigh.

Martin Fraser
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh
29 Márta 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 2: Roinn an Taoisigh le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn an Taoisigh. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Iúil 2012

Vóta 2 Roinn an Taoisigh
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pá agus liúntais	12,499	11,307	12,184
A.2.	Taisteal agus cothabháil	275	227	284
A.3.	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	1,517	1,360	733
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	370	310	381
A.5.	Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha	900	792	934
A.6.	Costais áitreabh oifige	430	470	440
A.7.	Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	50	13	2
	Clár athbhreithnithe eagraíochtúil	—	—	550
Seirbhísí eile				
B.	An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (deontas-i-gcabhair)	2,325	2,280	2,535
C.	Tionscnaimh chomórtha	85	76	87
D.	Binse fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uasal C.J. Haughey agus leis an Uasal M. Lowry)	3,500	1,601	3,125
	Ollchaiteachas	**21,951**	**18,436**	**21,255**
	Bain de:			
E.	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**912**	**837**	**955**
	Glanchaiteachas	**21,039**	**17,599**	**20,300**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€3,440,502**	**€8,455,937**

Nótaí maidir leis an Ráiteas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibríochta 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán			14,479	15,508
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			3,957	5,747
Ollchaiteachas			18,436	21,255
Bain de				
Leithreasaí-i-gcabhair			837	955
Glanchaiteachas			17,599	20,300
Athruithe maidir le Sócmhainní Caipitil				
Ceannacháin airgid thirim		(109)		
Dímheas		159		
Caillteanas ar dhiúscairtí		1	51	112
Athruithe maidir le Glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhruithe deiridh		(41)		
Méadú ar stoc		(63)		
			(104)	(40)
Caiteachas Díreach			17,546	20,372
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile				
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	**1.1**		5,147	5,552
Measchíosanna			1,083	1,625
Costas Iomlán Oibríochta			**23,776**	**27,549**

1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Tá an méid caiteachais ar ghlanseirbhísí comhaontaithe comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 2, a seasadh áit eile.

Vóta		2011 €000	2010 €000
7	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	3,020	2,459
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	580	954
19	Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Ionad na gComhsheirbhísí Airgeadais	257	264
20	Garda Síochána	805	1,425
36	Cosaint	75	75
	An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí srl	410	375
		5,147	**5,552**

2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	**2.1**	371	422
		371	**422**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	**2.2**	469	405
Stoic	**2.3**	134	71
Réamhíocaíochtaí		274	326
Iarmhéideanna eile dochair	**2.4**	253	320
Iomlán na sócmhainní reatha		**1,130**	**1,122**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		109	202
Iarmhéideanna eile creidmheasa	**2.5**	343	365
Glandliteanas don Státchiste	**2.6**	379	360
Iomlán na ndliteanas reatha		**831**	**927**
Glansócmhainní reatha		**299**	**195**
Glansócmhainní		**670**	**617**
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit		**670**	**617**

2.1 Ráiteas Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luach amhail an 1 Eanáir 2011	3,074	539	3,613
Breiseanna	66	43	109
Diúscairtí	(88)	(8)	(96)
Costas nó luach amhail an 31 Nollaig 2011	3,052	574	3,626
Dímheas carntha			
Iarmhéid oscailte amhail an 1 Eanáir 2011	2,794	397	3,191
Dímheas don bhliain	115	44	159
Dímheas ar dhiúscairtí	(88)	(7)	(95)
Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2011	2,821	434	3,255
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011	**231**	**140**	**371**
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2010	**280**	**142**	**422**

2.2 Banc agus Airgead Tirim

amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim	737	684
Orduithe gan íoc	(268)	(279)
	469	405

2.3 Stoic

amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Bronntanais	11	8
Stáiseanóireacht	46	26
Foilseacháin	46	19
Ábhar Inchaite srl.	31	18
	134	71

2.4 Iarmhéideanna Eile Dochair

amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Tuarastail In-fhorchúitithe	195	261
Aisghabháil ar chaiteachas na scéime pas taistil	54	56
Eile	4	3
	253	320

2.5 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa

amhail an 31 Nollaig

	2011 €000	2010 €000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	184	168
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	60	88
Cáin Bhreisluacha	4	5
Cáin Choinneála	4	19
	252	280
Asbhaintí den phárolla	90	84
Eile	1	1
	343	365

2.6 Glandliteanas don Státchiste

amhail an 31 Nollaig

	2011 €000	2010 €000
Farrasbarr le tabhairt suas	3,440	8,456
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(3,061)	(8,096)
Glandliteanas don Státchiste	379	360
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	469	405
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	253	320
	722	725
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(252)	(280)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(91)	(85)
	(343)	(365)
	379	360

2.7 Ceangaltais

amhail an 31 Nollaig

	2011 €000	2010 €000
Iomlán na ngealltanas infhorghníomhaithe le dlí	10	8

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis níos mó ná €100,000 níos airde ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% níos airde ná an tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fo-theideal	Níos lú/(níos mó) ná a solathraíodh €000	Míniú
D.	1,899	D'eascair coigilteas ós rud é gur éirigh roinnt d'fhoireann dlí an Bhinse as a bheith ag obair tar éis fhoilsiú a tuarascála.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
Fáltais ó asbhaint um pinsean as luach saothair seirbhíse poiblí	812	808	881
Ilghnéitheach	100	29	74
	912	837	955

D'eascair an t-athraitheas mar gheall ar rómheastachán ar an tsuim le bailiú maidir le nithe ilghnéitheacha i 2011.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	2010
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana**	159	191
	€000	**€000**
Pá	10,014	10,802
Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	310	382
Ragobair agus tinreamh breise	480	420
ÁSPC an Fhostóra	503	591
Pá iomlán	11,307	12,195

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht Aonair 2011 €	Uasíocaíocht Aonair 2010 €
Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	38	13	19,585	83,391
Ragobair agus tinreamh breise	141	15	28,121	26,445

Nóta: (1) Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €29,682 (€31,040 - 2010) agus €9,062 (€10,267- 2010) i ndáil le sochair scoir do bheirt iarfhostaithe.

6 Ilghnéitheach

6.1 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta	Bliain a Ceapadh	Iomlán go 31 Nollaig 2011 €000	Caiteachas sa bhliain 2011 €000	Caiteachas sa bhliain 2010 €000
Binse Fiosrúcháin II (Íocaíochtaí leis an Uasal Haughey agus leis an Uasal Lowry)	1997	42,997	1,601	3,125

Bainfidh íocaíochtaí breise leis an mBinse Fiosrúcháin seo. Ní féidir na costais a chinneadh ag an bpointe seo.

6.2 Bronntanais Oifigiúla

Tá suim de €8,480 san áireamh sa chuntas a úsáideadh chun bronntanais a cheannach le tíolacadh ag nó thar ceann an Taoisigh agus Airí Stáit in 2011. (€5,417 - 2010)

6.3 Eile

Sa bhreis ar an gcaiteachas sa Bhuiséad Riaracháin fuarthas na suimeanna seo a leanas in 2011:

-Fuarthas €10,460 ó Vóta 6, Oifig an Aire Airgeadais maidir le Tionscadal Leabharlainne Il-Láithreáin.